Plean straitéiseach na Comhairle Oidhreachta

2007-2011

An Chomhairle Oidhreachta

The Heritage Council

Plean straitéiseach na Comhairle Oihreachta 2007 - 2011 The Heritage Council's Strategic Plan

An Chomhairle Oidhreachta

The Heritage Council

Straitéis na Comhairle Oidhreachta

2007-2011

Aibreán 2007

RÉAMHFHOCAL

Tá an-áthas orm baint a bheith agam le Plean Straitéiseach na Comhairle Oidhreachta 2007 – 2011. Tógann an Plean seo ar ar bhain an Chomhairle amach ó bunaíodh í dhá bhliain déag ó shin agus is ann a leagtar amach a fís chorparáideach do na cúig bliana atá romhainn.

Seo an tríú plean dá leithéid a chuir an Chomhairle Oidhreachta ar fáil. Is léir gur cáipéis forásach agus físeach atá ann le straitéisí sainithe agus le cuspóirí polasaí. Laistiar den bhéim a leagtar sa Phlean Straitéiseach áirithe seo tá creideamh láidir na Comhairle sa tábhacht a bhaineann le hoibriú i gcomhpháirtíocht lena chinntiú go mbíonn rochtain ar oidhreacht na hÉireann agus go mbaineann gach ball den tsochaí taitneamh as.

Is acmhainn luachmhar náisiúnta í ár n-oidhreacht ar ghá dúinn í a chosaint agus a chaomhnú ar bhonn leanúnach. Tá tábhacht bhunúsach lenár n-oidhreacht tógtha agus cultúrtha ó thaobh ár gcroíluachanna agus ár bprionsabail mar náisiún. Ní mór dúinn iarracht a dhéanamh ár n-oidhreacht a a fhorbairt ar bhealach cothrom inbhuanaithe, go háirithe ag an leibhéal áitiúil, i gcomhpháirtíocht le hÚdaráis Áitiúla chomh maith le grúpaí pobail agus deonacha trí thacaíocht a thabhairt do thurasóireacht, feabhas a chur ar an gcaighdeán maireachtála agus a chinntiú go ndéantar pleanáil agus forbairt i gceart ar fud na tíre a chaomhnódh ár n-oidhreacht do na glúnta atá le teacht. Ag teacht leis an gcoincheap seo, léiríonn Plean Straitéiseach 2007 - 2011 na Comhairle Oidhreachta tiomantas na Comhairle maidir le tacaíocht a thabhairt d'obair oidhreacht-bhunaithe ag an leibhéal áitiúil d'fhonn leasa eacnamaíochta, sóisialta agus comhshaoil a thabhairt do gach pobal.

Is toradh é an Plean Straitéiseach seo ar phróiseas comhairleach dhá mhí ag an gComhairle le heagraíochtaí agus le gníomhaireachtaí eile chomh maith leis an bpobal i gcoitinne. Creidim go bhfuil an próiseas seo tar éis an Plean a shaibhriú agus a neartú. Guím gach rath air agus táim ag tnúth le leanúint orm ag obair leis an gComhairle Oidhreachta i mbaint amach a spriocanna dúshlánacha laistigh de theorainneacha réadúla bhuiséide. Tá a fhios agam go ndéanfaidh an Chomhairle gach iarracht tacaíocht airgeadais a fháil ó réimse leathan d'fhoinsí eile chun an Plean a chur i bhfeidhm, agus leanfaidh tacaíocht mo Roinne trí na leithdháiltí fhlaithiúla airgeadais a sholáthraíonn sí don Chomhairle gach bliain.



Dick Roche T.D.
Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

Aibreán 2007

TEACHTAIREACHT Ó CHATHAOIRLEACH NA COMHAIRLE OIDHREACHTA

Straitéis uaillmhianach atá á chur i láthair anseo. Tá sé faoi anáil chomhairliúcháin fhairsing phoiblí a déanadh i Lúnasa agus i Meán Fómhair 2006. Ba chabhair dó chomh maith taithí na Comhairle Oidhreachta agus a páirtnéirí ó bunaíodh í.

Agus fís shoiléir á leagan amach d'obair na heagraíochta feasta, tógfaidh an Chomhairle ar ghnóthachtana mór le rá. Ar na gnóthachtana seo, a forbraíodh ón bpolasaí agus ón treoir shoiléir a bhí i bPleananna roimhe seo, tá an rath a bhí ar ár gcuid Deontas d'Foirgnimh faoi Bhagairt, bunú Ionad Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta, bunú Chlár Caighdeán Músaem agus ár raon iomlán de chláir dheontais de leithéidí na nDeontas Foilseacháin. Déanann na nithe uile anseo thuas seachadadh ar bhuntáistí fíora inláimhsithe thar réimse fairsing den sochaí.

Chuidigh Clár Oidhreachta sna Scoileanna na Comhairle le suntas ár n-oidhreachta Náisiúnta a chur chun cinn laistigh d'earnáil an bhunoideachais. Ar an mbealach céanna bhí mór-ról ag á n-ionchur i gcuraclam nua geografaíochta na hard teistiméireachta i méadú feasachta agus tuisceana sa mheánoideachas.

Níl amhras ar bith ach gur tháinig athrú suntasach ar dhreach na hoidhreachta ó bunaíodh an Chomhairle Oidhreachta. Tá léiriú soiléir i suirbhéireachtaí feasachta agus Taighde margaíochta na Comhairle gur athraigh dearcadh an phobail i dtreo fíordhearfach. Tá aitheantas ag forás go bhfuil an-tábhacht ag baint len ár n-oidhreacht agus gur léir go bhfuil luach ag baint léi nach féidir a áireamh i dtéarmaí eacnamaíochta amháin. Tá sé i gceist ag an gComhairle teacht i dtír ar an athrú seo trí na tionscnaimh agus na gníomhaíochtaí nua a aithnítear sa Straitéis seo.

Déanfar iarracht ar mhéadú feasachta agus tuisceana ar conas mar is féidir le caomhnú ár n-oidhreachta cur le caighdeán ár mbeatha. Níl aon amhras orm ach go slánóidh an Chomhairle Oidhreachta na spriocanna atá leagtha amach le tacaíocht leanúnach ar gcuid páirtithe leasmhara agus ár bpáirtithe nua.

Gan amhras, slánófar iad ag Comhairle Oidhreachta a lonnófar gan mhoill ina ceannáras nua i gCill Chainnigh agus ag Baill agus foireann atá tiomanta do bhuanna eile fós a bhaint.

AN DR TOM O'DWYER
CATHAOIRLEACH:
AN CHOMHAIRLE OIDHREACHTA

Aibreán 2007

t© An Chomhairle Oidhreachta /The Heritage Council 2007

Gach ceart ar chosnamh.

Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh ná a tharchur in aon fhoirm ná ar aon bhealach,

Leictreonach nó meicniúil, ar a n-áirítear fótachóipeáil, taifeadadh, ná aon chóras eile stórála agus aisghabhála

A bhfuil eilas anois air nó a cheapfar amach anseo, gan réamhchead i scríbhinn ón bhfoilsitheoir nó ceadúnas a

Cheadaíonn cóipeáil teoranta in Éirinn a bheadh eisithe ag

Gníomhaireacht na hÉirann um Cheadúnú Cóipcheart Teo

Ionad na Scríbhneoirí,

19 Cearnóg Pharnell,

Baile Átha Cliath 1

Foilsithe ag an gComhairle Oidhreachta

Grianghrafanna: buíochas le

Daragh Muldowney

www.dulraphotography

Gary Coyle

Gary O'Neill

Deartha agus Curtha ar Fáil ag

B. Magee Design

ISSN 1393 – 6808

Sraith Chomhairle Oidhreachta na hÉireann

ISBN 1 901137 95 3

CoÁbhar

1. Ag tabhairt Sainmhíniú ar ár nOidhreacht Náisiúnta & ag Teagmháil le Daoine **6**

2. Conas a Oibríonn an Chomhairle Oidhreachta **10**

3. Téamaí Straitéisí, Spriocanna Ardleibhéil, Polasaithe agus Gníomhaíochtaí 2007-2011 **13**

4 Ag Seachadadh na Straitéise 2007-2011 **28**

5. Ag Bainistiú Ár nAcmhainní **33**

6. Plean Airgeadais 2007-2011 **37**

aighneachtaí a fuarthas i scríbhinn laistigh den tréimhse chomhairliúcháin a leagadh síos - ón 18ú Lúnasa go dtí an 29ú Meán Fómhair 2006 **39**

Agusiín B: Liosta Giorrúchán **41**

SECTION 1

AG SAINMHÍNIÚ ÁR NOIDHREACHTA NÁISIÚNTA & AG TEAGMHÁIL LE DAOINE

1.1 ACHT OIDHREACHTA 1995 – AG SAINMHÍNIÚ ÁR nOIDHREACHT NÁISIÚNTA

Tá an Chomhairle Oidhreachta faoi choimirce an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Bunaíodh mar chomhlacht corparáideach é leis An Acht Oidhreachta (1995). Is iad feidhmeanna reachtúla na Comhairle Oidhreachta – mar atá sainithe faoi Alt 6 d'Acht 1995 ná:

- Polasaithe agus Tosaíochtaí molta d'aithint, do chosaint agus d'fheabhsú na hOidhreachta Náisiúnta
- Spéis, oideachas, eolas agus mórtas a chur chun cinn san, agus éascú a dhéanamh ar thuiscint agus ar thaitneamh a bhaint as an oidhreacht náisiúnta
- Comhoibriú le húdaráis phoiblí, le heagraíochtaí oideachais agus le heagraíochtaí agus le daoine eile i gcur chun cinn feidhmeanna na Comhairle
- Cur chun cinn a dhéanamh ar chomhordú ar na gníomhaíochtaí go léir a bhaineann le feidhmeanna na Comhairle.

Déanann Acht 1995 sainmhíniú ar oidhreacht náisiúnta na hÉireann mar:

- **Séadchomharthaí**
- **Míreanna Seandálaíochta**[2]
- **Tírdhreacha**
- **Muirdhreacha**
- **Nithe Seandálaíochta**
- **Plandaí Ainmhithe**
- **Ainmhithe**
- **Geolaíocht**
- **Uiscebhealaí intíre**
- **Muirdhreacha**
- **Gairdíní agus páirceanna oidhreachta**
- **Raic**

1.2 TEAGMHÁIL LE DAOINE

Aithníonn an Chomhairle Oidhreachta go bhfuil brí agus luachanna níos leithne ag baint le hoidhreacht i sochaí ilchultúrtha agus ilghnéitheach an lae inniu ná mar a bhí riamh. Tá i bhfad níos mó i gceist leis ná an liosta simplí atá leagtha amach sa reachtaíocht. Tá daoine i gceist le hoidhreacht, sa chéad áit, agus baineann sí leis an am i láthair agus leis an todhchaí, chomh maith le cabhrú linn le tuiscint a bheith againn ar ár stair.

Tá ár n-oidhreacht beo agus beoga agus i ndeireadh thiar nascann sí sinn len ár mothúcháin trín ár:

- Bród agus tuiscint
- Spéis agus léirthuiscint
- Eolas ar ár n-oidhreacht náisiúnta
- Taitneamh a bhaint as an oidhreacht sin

Tá an-tionchar ag na cáilíochtaí dobhraite seo, faoi mar a aithníodh ag Coinbhinsiún Oidhreachta Cultúrtha Dobhraite 2003 UNESCO, ar an mórshuntas a thugann daoine dá n-oidhreacht. Go deimhin, socróidh an luach atá ag daoine ar ár n-oidhreacht sa lá atá inniu ann, cuid maith, a cáilíocht, a suntas agus a tábhacht sa todhchaí.

1.3 'COMHFHÍS' NA COMHAIRLE OIDHREACHTA

Sna deich mbliana ó bunaíodh í, thaithigh agus ghlac an Chomhairle Oidhreachta le fuinniúlacht agus nádúr athraithe na hoidhreachta cultúrtha agus nádúrtha araon. Chonaic an Chomhairle Oidhreachta freisin athruithe suntasacha dearfacha i ndearcadh an phobail. Is mian leis an gComhairle, ag teacht leis na treochtaí nua-aimseartha Eorpacha, leanúint uirthi ag cothú an tsuntais agus an luacha méadaithe a bhaineann le hoidhreacht i ngach leibhéal dár sochaí ilchultúrtha. Beidh rochtain ar, agus taitneamh chách as ár n-oidhreacht ina chuid lárnach de sin a bhaint amach.
Ar an gcúis seo, agus ag aithint nádúir bheo agus fhuinniúil ár n-oidhreachta, leagann an Chomhairle Oidhreachta Comhfhís amach don straitéis seo le:

'Oibriú i gcomhpháirtíocht do chaomhnú ár n-oidhreachta náisiúnta trí spreagadh a thabhairt dá rochtain agus don taitneamh a bhainfeadh cách as.'

Agus dhá dhoiciméad straitéiseach forfheidhmithe aici cheana féin, tá sé i gceist ag an gComhairle tógáil ar an mórchuid atá bainte amach go dtí seo trí chothabháil agus fhorbairt a dhéanamh ar:

- Comhpháirtíocht le húdaráis áitiúla
- Cláir na ndeontas atá ann cheana féin
- Rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara ina gníomhaíochtaí ar fad.

SECTION 2

CONAS A OIBRÍONN AN CHOMHAIRLE OIDHREACHTA

2.1 BUNPHRIONSABAIL

Tá sé tábhachtach d'eagraíocht ar bith a bheith soiléir maidir le conas atá sé i gceist aici feidhmiú, na luachanna is dóigh léi atá aici féin, agus conas a chuirfidh sí iad seo i bhfeidhm chun a fís a bhaint amach. Ó bunaíodh í, tá taithí na Comhairle tar éis a thabhairt uirthi sraith prionsabal a tharraingt chuici féin a cheaptar a bheith bunúsach do dhea-bhail na heagraíochta. Tagann na prionsabail seo a thugtar thíos le polasaí an Rialtais fad a bhaineann sé le comhpháirtíocht, inbhuanaitheacht agus comhionannas, agus cuireann siad an oidhreacht go daingean laistigh den chomhthéacs níos leithne sin.

Cuirfidh na trí bhunphrionsabail seo a leanas taca le hobair na Comhairle:

1 Comhpháirtíocht agus comhoibriú

2 Inbhuanaitheacht agus cáilíocht na beatha

3 Comhionannas, cuimsiú sóisialta agus rochtain

1 Comhpháirtíocht agus comhoibriú

Bíonn bainistíocht straitéiseach ar ár n-oidhreacht náisiúnta níos éifeachtaí nuair a bhíonn daoine páirteach ag gach céim den phróiseas déanta cinnidh. Le deich mbliana anuas, tá an Chomhairle tar éis ceannródaíocht a dhéanamh agus tar éis glacadh le mórán cineálacha den chleachtas is fearr i gcomhpháirtíocht, i gcomhoibriú agus i líonrú. Tríothu seo, tá an Chomhairle Oidhreachta tar éis nascadh le daoine aonair, le grúpaí áitiúla, le húdaráis áitiúla agus le ranna rialtais d'fhonn an oidhreacht a chosaint, a chur chun cinn agus a bhainistiú ar mhaithe le cách. Leanfaidh an Chomhairle Oidhreachta leis an gcleachtas de dhomhain-rannpháirtíocht phoiblí trí na gníomhaíochtaí atá leagtha amach sa phlean seo. Tagann seo leis an tiomantas leanúnach spreagadh a thabhairt do chomhpháirtíocht agus do chur chuige comhtháite maidir le bainistíocht oidhreachta.

SECTION 2

2 Inbhuanaitheacht agus cáilíocht na beatha

Tá feasacht ag forás in Éirinn gurb acmhainn sainiúil teoranta ar leith í ár n-oidhreacht náisiúnta a fhéadfaí a scrios ar fad nó damáiste doleigheasta a dhéanamh uirthi trí ghníomhaíochtaí neamheolasacha nó míchuí. Sa bhfís fhoriomlán atá aici don oidhreacht náisiúnta, cuireann an Chomhairle Oidhreachta roimpi a chinntiú go ndéantar bainistiú agus caomhnú ar ár n-oidhreacht náisiúnta chun taitneamhachta agus leasa an ghlúin atá anois ann agus na nglúnta atá le teacht. Tacaíonn an Chomhairle Oidhreachta, ar bhealach pragmatach, leis an gcleachtas is fearr bainistíochta ar shócmhainní oidhreachta ar gach leibhéal den tsochaí. Is í an aidhm atá leis seo ná an chothromaíocht chuí a bhaint amach idir riachtanais an lae inniu agus bainistíocht oidhreachta, rud a chuirfeadh feabhas ar cháilíocht na beatha do chách.

3 Comhionannas, cuimsiú sóisialta agus rochtain

Creideann an Chomhairle Oidhreachta go láidir go gcaithfear tábhacht na hoidhreachta i sochaí agus in eacnamaíocht Náisiúnta na hÉireann a chur in iúl d'oiread daoine agus is féidir in Éirinn.

Ar deireadh thiar, tá sé de cheart ag raon iomlán cultúrtha agus sóisialta na hÉireann (chomh maith leis an diaspóra Éireannach ar fud an domhain) tuiscint agus taitneamh a bhaint as oidhreacht náisiúnta na hÉireann.

Oibreoidh an Chomhairle lena chinntiú go n-áirítear rochtain feabhsaithe fisiciúil, sóisialta agus intleachtúil ar ár n-oidhreacht náisiúnta, i múnlú beartas do gach clár, polasaí agus gníomhaíocht náisiúnta, réigiúnach agus ar léibhéal contae, ina measc oideachas, traenáil agus forbairt scileanna

TÉAMAÍ STRAITÉISEACHA, SPRIOCANNA ARDLEIBHÉIL, POLASAITHE AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ 2007-2011

SECTION 3

SECTION 3

Agus iad forbartha óna feidhmeanna reachtúla, a comhfhís agus a bunphrionsabail, tá sé i gceist go leagfaí obair uile na Comhairle laistigh de na cúig théama straitéiseacha seo a leanas. Tá sprioc ar leith ardleibhéil ag gach téama le polasaithe agus gníomhaíochtaí aitheanta chun an sprioc a bhaint amach. Beidh na gníomhaíochtaí seo in n-éirim ag mionchlár oibre na Comhairle i rith na tréimhse 2007-2011.

Is iad na cúig théama straitéiseacha ná:

Téama Straitéiseach 1:	Ardú Feasachta agus Tuisceana
Téama Straitéiseach 2:	Taighde Oidhreachta/Suirbhéanna, Anailís agus Measúnú
Téama Straitéiseach 3:	Comhairle Polasaí Fianaise-Bhunaithe
Téama Straitéiseach 4:	Spreagadh a thabhairt d'fhorbairt infrastruchtúir oidhreachta ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach, contae agus áitiúil.
Téama Straitéiseach 5:	An cleachtas is fearr i gCaomhnú agus i mBainistiú Oidhreachta Inbhuanaithe

TÉAMA STRAITÉISEACH 1 ARDÚ FEASACHTA AGUS TUISCEANA

Sprioc Ardleibhéil: Leanúint ag cur le dearcadh dearfach an phobail ar an oidhreacht

1a. Polasaí

Tuiscint a mhéadú ar an oidhreacht agus ar rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an oidhreacht

1a. Gníomhaíochtaí

i Plean cumarsáide inmheánach agus seachtrach na Comhairle a chur i bhfeidhm

ii Cur le feasacht agus rannpháirtíocht i Seachtain na hOidhreachta, agus sna laethanta téama a bhaineann leis mar Lá Oidhreachta Uisce agus Lá Mhúrbhailte na hÉireann

iii Tacaíocht a thabhairt do scéimeanna oiriúnacha dámhachtana a bhunaigh an Chomhairle Oidhreachta, údaráis áitiúla agus grúpaí/comhlachtaí eile

iv Feasacht a chur chun cinn ar ghnéithe den oidhreacht nach bhfuil oiread sin eolais orthu

v An tSuirbhé Feasachta Oidhreachta a athdhéanamh

vi Oibriú i gcomhpháirtíocht le húdaráis áitiúla trí chlár na n-oifigeach oidhreachta agus chláir agus tionscadail eile a bhaineann leis an oidhreacht, m.sh. Clár na nOifigeach Caomhantais

vii Cur leis an Straitéis Feasachta Bithéagsúlachta Tacaíocht a thabhairt don Straitéis Áineasa Taobhtíre

viii Seimineáir eolais a chur ar siúl i gcomhpháirtíocht le hÚdaráis Áitiúla agus le heagraíochtaí iomchuí talmhaíochta agus pobail

1b. Polasaí

Éascú a dhéanamh ar rochtain agus eolas ar an oidhreacht trí mheáin oiriúnacha, ag áireamh TFC

1b. Gníomhaíochtaí

i Seirbhís chuimsitheach eolais oidhreachta a fhorbairt trí shuíomh gréasáin na Comhairle Oidhreachta (oo'-+p'pm----,), Dearcadh Oidhreachta, agus i gcomhoibriú le heagraíochtaí eile oidhreachta

ii Ardtuiscint ar ár n-oidhreacht náisiúnta a chur chun cinn trí mheáin oiriúnacha agus TFC

iii Tacaíocht a thabhairt do chomhdhálacha agus do sheimineáir ar théamaí a bhaineann le tosaíochtaí na Comhairle

iv Fócas na Comhairle Oidhreachta a choimeád maidir le foilsiú thorthaí tochailtí seandálaíochta a chur chun cinn agus cur le rochtain trí TFC

v An Scéim Deontais Foilsiúcháin a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt d'fhoilseacháin ar an oidhreacht dírithe ar lucht léite ginearálta

vi Iontaobhas Oideachais Oidhreachta Dúchais Mhaigh Ghlais a bhunú

1c. Polasaí

Staidéar na hoidhreachta agus úsáid na hoidhreachta mar uirlis foghlama a chur chun cinn

1c. Gníomhaíochtaí

i Cur le feasacht ar agus le rannpháirtíocht sa Chlár Oidhreachta sna Scoileanna

ii Staidéar ar an oidhreacht a chur chun cinn, mar chuid de churaclam scoile dara leibhéal

iii Tacú le ceisteanna breise oidhreachta a thabhairt isteach in oideachas tríú leibhéal, cláir traenála talmhaíochta agus gortóireachta agus staidéar ar an tírdhreach san áireamh.

iv Tacú le tionscnaimh fhoghlama pobalbhunaithe ag áireamh cinn do riachtanais speisialta

SECTION 3

TÉAMA STRAITÉISEACH 2 TAIGHDE OIDHREACHTA / SUIRBHÉANNA, ANAILÍS AGUS MEASÚNÚ

Sprioc Ardleibhéil: Eolas agus sonraí eolaíochtbhunaithe a sholáthar ar luach shocheacnamaíoch agus ar shuntas ár n oidhreachta náisiúnta agus a haitheantas a chur chun cinn i dtionscnaimh polasaí sa todhchaí

2a. Polasaí	2a. Gníomhaíochtaí
Taighde i réimsí nua a thionscnamh	i i An tionchar a fhéadfadh a bheith ag athrú aeráide ar ár n-oidhreacht náisiúnta a aithint, go háirithe ar cheantair cois cósta ar phlandaí agus ainmhithe/bhithéagsúlacht agus a chinntiú go n-áirítear iad i bpleananna agus i straitéisí sa todhchaí ii Athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais taighde seandálaíochta ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach, contae agus áitiúil iii Tionscnaimh thaighde a spreagadh ar oidhreacht na gcriosanna cois cósta agus idirthaoideacha, ag áireamh eilimintí cultúrtha, nádúrtha agus fo-uisce iv Modheolaíocht le haitheantas idirnáisiúnta a fhorbairt don chleachtas is fearr i mapáil ghnáthóige v Athbhreithniú ar éifeacht na reachtaíochta pleanála agus oidhreachta i gcosaint na hoidhreachta náisiúnta vi Monatóireacht ar éifeacht Choinbhinsiún agus Threoracha Eorpacha mar a bhaineann siad le feidhmeanna na Comhairle

2b. Polasaí	2b. Gníomhaíochtaí
Tacú le taighde leanúnach náisiúnta ar fhorbairt bhonnlínte náisiúnta	i Tacú le tionscnaimh náisiúnta taighde agus suirbhéireachta fiadhúlra ar speicis a mbeadh a gcaomhnú ina ábhar imní. ii Tacú le taighde neamhspleách trí Scéimeanna Deontais Taighde na Comhairle Oidhreachta iii Tacú le tionscnaimh ábharthacha taighde ag áisíneachtaí eile rialtais iv Spreagadh ar thírdhreach deartha, diméinte, páirceanna agus gairdíní oidhreachta a bheith ina gcuid den pholasaí tírdhreacha v Tionscnaimh thaighde ar an oidhreacht ailtireachta a spreagadh vi Daoine a chur ar a n-airdeall faoi thionchar polasaithe earnálacha ar an gcomhshaol oidhreachta vii Tacú leanúnach a sholáthar don Chlár Fionnachtana viii Cur leis an obair atá déanta mar an Fardal Náisiúnta d'Oidhreacht Ailtireachta (FNOA) agus staidéir dá leithéid a dhéanamh i gceantair eile oidhreachta
2c. Polasaí	**2c. Gníomhaíochtaí**
Obair na Comhairle Oidhreachta féin a luacháil	i Measúnú ar chláracha deontais na Comhairle ii Measúnú ar fheasacht agus éifeacht fhoilseacháin na Comhairle Oidhreachta iii Measúnú ar Chlár na Oifigeach Oidhreachta

SECTION 3

TÉAMA STRAITÉISEACH 3 COMHAIRLE FIANAISEBHUNAITHE POLASAÍ

Sprioc Ardleibhéil: Polasaí fianaisebhunaithe a mholadh d'fhonn bainistíocht inbhuanaithe na hoidhreachta náisiúnta a ghnóthú

3a. Polasaí **Measúnú a dhéanamh ar na tionchair a bhaineann le caomhnú agus bainistiú oidhreachta**	**3a. Gníomhaíochtaí** i Measúnú a dhéanamh ar thionchair dhíreacha shocheacnamaíocha na hearnála oidhreachta ii Luach neamh-mhargaidh na hoidhreachta don ghnáthphobal a thomhas iii Measúnú ar úsáid na hoidhreachta ina spreagthach d'athghiniúint agus éagsúlú iv Measúnú a dhéanamh ar fhoirgnimh oidhreachta faoi úinéireacht údaráis phoiblí, ag áireamh na pleanála oidhreachta
3b. Polasaí **Polasaí Polasaithe agus tosaíochtaí ardchaighdeáin a mholadh don Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil faoi ailt 6 agus 7 den Acht Oidhreachta 1995**	**3b. Gníomhaíochtaí** i Polasaí a fhorbairt chun tacú le músaeim agus cnuasaigh inbhuanaithe, ag áireamh cartlanna ii Polasaithe a fhorbairt do Thailte Feirme le hArdluach Nádúir laistigh de chlár náisiúnta níos forleithne bainistíochta tírdhreacha iii Polasaithe a fhorbairt chun spreagadh a dhéanamh ar chaomhnú an chomhshaoil thógtha 'áitiúil' (e.g., scéimeanna deontais d'fhoirgnimh feirme, CCAnna) iv Polasaí a fhorbairt chun tacú le caomhnú a dhéanamh ar oidhreacht neamhchosanta v Polasaí a fhorbairt ar athrú úsáide na bhfoirgneamh, láithreán agus na gcnuasach/ gcartlanna reiligiúnacha vi Moltaí ar riachtanais thaighde sa seandálaíocht a sholáthar vii Staidéar Fadcheannaigh a dhéanamh ar an oidhreacht nádúrtha

3c. Polasaí

Moltaí agus tosaíochtaí polasaí na Comhairle Oidhreachta atá ann cheana agus atá le teacht a chur chun cinn agus a fhorbairt

3c. Gníomhaíochtaí

i Cur i bhfeidhm pholasaí tírdhreacha i gcláracha cosanta bainistíochta ceantair agus forbartha tuaithe a chur chun cinn.

ii Polasaí a fhorbairt agus a chur chun cinn sna heochaircheantair seo a leanas:

- Rochtain ar fhoirgnimh stairiúla
- Oidhreacht thógtha ar fheirmeacha
- 'Cúirtealáiste' ag struchtúir chosanta a chinneadh
- Measúnú Oidhreachta agus Straitéise Comhshaoil (MSC)
- Oidhreacht thionsclaíoch
- Músaeim agus Cartlanna
- Séipéil iomarcacha

iii Polasaí atá ann cheana féin a chur chun cinn sna heochaircheantair seo a leanas:

- Oidhreacht Talmhaíochta
- Taifid Bhitheolaíocha
- Éagsúlacht bhitheolaíoch a chaomhnú
- Foraoiseacht agus a tionchair ar an oidhreacht
- Uiscebhealaí Intíre
- Tírdhreach (ag áireamh tírdhreacha deartha, nádúrtha agus de dhéantús an duine)
- Oidhreacht mhuirí
- Caiteachas na hearnála stáit ar oidhreacht

SECTION 3

3d. Polasaí

Tosaíochtaí a fhorbairt ar bhainistíocht oidhreachta le comhlachtaí agus áisíneachtaí eile

3d. Gníomhaíochtaí

i Oibriú le húdaráis áitiúla, mar eochair-chomhpháirtithe

ii Oibriú le háisíneachtaí agus comhlachtaí eile, mar is cuí

iii Comhaontas nua straitéiseach a fhorbairt le Fáilte Ireland agus scrúdú a dhéanamh ar thionchar na turasóireachta ar an oidhreacht náisiúnta agus féachaint ar an acmhainn atá ann d'éiceathurasóireacht

iv Comhghuailliochtai nua straitéiseacha a fhorbairt le hÚdarás na Gaeltachta agus Tionóil Réigiúnacha

v Comhaontas nua straitéiseach a fhorbairt leis an Seirbhís Comhshaoil agus Oidhreachta (SCO TÉ) agus áisíneachtaí agus comhlachtaí eile trasteorann

TÉAMA STRAITÉISEACH 4 SPREAGADH A DHÉANAMH AR FHORBAIRT INFREASTRUCHTÚR OIDHREACHTA AR LEIBHÉAL NÁISIÚNTA, RÉIGIÚNACH, CONTAE AGUS ÁITIÚIL

Sprioc Ardleibhéil: a chinntiú go gcuireann pleananna agus straitéisí atá ag teacht aníos oidhreacht go mór san áireamh ar bealach substaintiúil ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach, contae agus áitiúil

4a. Polasaí

Forbairt ar infreastruchtúr oidhreachta ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach, contae agus áitiúil a spreagadh

4a. Gníomhaíochtaí

i An clár deontais atá cheana féin ag an gComhairle a fhorbairt

ii Forfheidhmiú an Phlean Náisiúnta Bithéagsúlachta agus an Chiste Bithéagsúlachta a chur chun cinn ag áireamh na modhanna cleachtais is fearr

iii Forfheidhmiú na dtiomantas nach bhfuil comhlíonta fós sa Phlean Náisiúnta Oidhreachta 2002-2006 a spreagadh, agus athbhreithniú a lorg air.

iv Forbairt ar chlár náisiúnta do chúram agus chur chun cinn cartlanna/cnuasaigh a chur chun cinn

v Foirmliú agus glacadh le Treoirlínte do Mheasúnú Náisiúnta Tréithe Tírdhreacha agus Carachtracht Tírdhreacha Stairiúla a mholadh

vi Beartais a chur chun cinn d'fhonn cnuasaigh/cartlanna ailtireachta agus muirí a chaomhnú

4b. Polasaí

Méadú ar an gcomhoibriú laistigh de, agus atá ar fáil do, na h-údaráis aitiúla

4b. Gníomhaíochtaí

i Forbairt agus tacú leis an ngréasán d'Oifigigh Oidhreachta na nÚdarás Áitiúla

ii Tacú le dearadh, forfheidhmiú agus monatóireacht ar phleananna oidhreachta na nÚdarás Áitiúla

iii Comhordú a dhéanamh ar tháirgeadh pleananna áitiúla gníomhaíochta bithéagsúlachta

iv Ceapachán de raon iomlán de phroifisiúnaithe oidhreachta (ag áireamh oifigigh caomhnaithe Údaráis Áitiúla) a chur chun cinn

v Cistiú ar leathnú amach Scéim Chomhairleach na Séadchomharthaí Seandálaíochta Goirt ar bhonn náisiúnta

vi Oifigigh Bithéagsúlachta a bhunú sna húdaráis áitiúla a chur chun cinn

vii Cistiú ar chosaint na hoidhreachta i bpleananna forbartha trí mheisiúnacht leanúnach oidhreachta (MSC) ar an bpróiseas

viii Pleanáil agus forbairt eolasach i lonnaíochtaí stairiúla a chur chun cinn trí ráitis deartha sráidbhaile do shráidbhailte stairiúla agus bailte beaga

ix Ról na Comhairle mar chomhlacht forordaithe faoin reachtaíocht phleanála a chothú

4c. Polasaí

Tacú le tionscnaimh ó chomhlachtaí eile náisiúnta, AE, nó idirnáisiúnta a chuidíonn le hinfreastruchtúr oidhreachta a chruthú in Éirinn

4c. Gníomhaíochtaí

i Forfheidhmiú an Choinbhinsiún Tírdhreacha Eorpach a chinntiú (CTE) trí ghníomhaíochtaí ar leith a eascrann uaidh a chur chun cinn

ii Measúnú ar fhorfheidhmiúchán na Treorach um Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil (MSC) mar a bhaineann le feidhmeanna na Comhairle

iii Tacú le forfheidhmiúchán na Treorach um Chreat Uisce (TCU), le haird ar leith ar na beartais rannpháirtíochta pobail

iv Feasacht oidhreachta agus tírdhreacha a mhéadú, mar chuid den Phlean Forbartha Tuaithe 2007-13 agus an Plean Oibriúcháin Réigiúnach 2007-2013 atá le teacht

v Tacú le forfheidhmiú an Choinbhinsiúin ar Éagsúlacht Bhitheolaíoch

vi Tacú le forfheidhmiúchán ar thuarascáil an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar chosaint reatha agus cosaint sa todhchaí ar struchtúir tuí in Éirinn

vii Tacú le forfheidhmiúchán ar Bhainistíocht Chrios Cósta Comhtháite (BCCC) agus straitéisí muirí ghaolmhara in Éirinn sa todhchaí, a fhorbraítear ar leibhéal náisiúnta agus AE

SECTION 3

TÉAMA STRAITÉISEACH 5 AN CLEACHTAS IS FEARR I MBAINISTÍOCHT CHAOMHNAITHE AGUS INBHUANAITHE OIDHREACHTA

Sprioc Ardleibhéil: Naisc fhadtéarmacha a fhorbairt le hinstitiúidí proifisiúnta agus institiúidí tríú leibhéal chun saindeiseanna traenála agus forbartha oidhreachta a bhunú do gach cleachtóir, do ghrúpaí forleathana pobail/oidhreachta, agus do mhic léinn

5a. Polasaí

Coincheap an chaomhnaithe choiscthigh a chur chun cinn.

5a. Gníomhaíochtaí

i Spreagadh ar chleachtas caomhnaithe coiscthaigh a ghlacadh do chnuasaigh oidhreachta, cartlanna agus músaeim san áireamh.

ii Spreagadh ar chleachtas caomhnaithe coiscthigh a ghlacadh do chúram foirgneamh agus séadchomharthaí.

iii Na caighdeáin cleachtais is fearr a chur chun cinn do bhainistíocht leanúnach na gcnuasach foirgneamh, láithreán agus tírdhreacha stairiúla.

5b. Polasaí

Bainistíocht inbhuanaithe ár sócmhainní oidhreachta a chur chun cinn.

5b. Gníomhaíochtaí

i Úsáid a bhaint as modhanna comhtháite pleanála agus bainistíochta caomhnaithe

ii Spreagadh a dhéanamh ar bhainistíocht inbhuanaithe na n-uiscebhealaí inmheánacha trí leanúint de staidéir agus straitéisí do dhorchlaí na n uiscebhealaí chun caomhnú a dhéanamh ar na huiscebhealaí nach n úsáidtear agus an oidhreacht a bhaineann leo.

iii Bainistíocht inbhuanaithe na músaem agus na gcartlanna a chur chun cinn.

iv Tús a chur leis an gClár Caighdeán do Mhúsaeim na hÉireann a d'forbair An Chomhairle Oidhreachta

v Cúram agus comhsheasmhacht i mbainistíocht taifead na suíomh seandálaíochta agus tochailte a chur chun cinn.

vi An cleachtas is fearr um chosaint thírdhreach mar atá leagtha amach i gCoinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa (CTE) a chur chun cinn trí Mheasúnú náisiúnta Tréithe Tírdhreacha agus Tréithe Tírdhreacha Stairiúla, ag áireamh forbairt a dhéanamh ar thionscnaimh trasteorann.

vii Cur chun cinn a dhéanamh ar úsáid inbhuanaithe áineasa agus taitneamhachta a bhaint as an CC faoin tuath agus i gceantair cois cósta.

viii Tacú le cóid na gCleachtas is fearr do dhaoine a bhaineann leas as an tuath

ix Cur chun cinn a dhéanamh ar bhainistíocht inbhuanaithe trí thionscnamh ar, agus tacú le tograí cuí, cistiú ar Scoláireacht Fheidhmeach Rountree agus leanúint de Scoláireacht Acadúil Rountree

x Tacú le 'Action on Architecture' an Rialtais

xi An chleachtas is fearr i gcaomhnú agus i mbainistíocht ár n-oidhreachta muirí a chur chun cinn.

5c. Polasaí

Rannpháirtíocht phobail a chur chun cinn i mbainistíocht oidhreachta

5c. Gníomhaíochtaí

i Leanúint d'fhorbairt agus luacháil ar Scéim Deontas um Oidhreacht Áitiúil na Comhairle Oidhreachta

ii Oibriú le fóraim áitiúla oidhreachta, fóraim phobail agus eagraíochtaí eile pobail agus deonacha chun soláthar a dhéanamh ar sheimineáir traenála a bhaineann le bainistíocht oidhreachta, bainistíocht pleanála, forbartha agus airgeadais i bpáirtnéireacht leis na háisíneachtaí/comhlachtaí ábharthacha forbartha pobail.

iii Múnla an phlean caomhnaithe a chur chun cinn d'fhonn bainistíocht rannpháirteach a chinntiú.

iv Leathadh ar ardchaighdeán faisnéise agus sonraí i bhformáid inrochtana a chur chun cinn.

v Comhairle a thabhairt don phobal ar chur chun cinn, tuiscint agus meas ar luachanna oidhreachta

5d. Polasaí

Tacú leis na heagraíochtaí, gréasáin, agus institiúidí proifisiúnta a chuireann chun cinn an cleachtas is fearr agus bainistíocht inbhuanaithe oidhreachta e

5d. Gníomhaíochtaí

i Clár Traenála agus Forbartha Oidhreachta na nÚdarás Áitiúla a chomhordú

ii Tacú le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha oidhreachta chun cláracha, tograí agus tionscnaimh a sholáthar a chuireann chun cinn an cleachtas is fearr agus bainistíocht inbhuanaithe sócmhainní oidhreachta

iii Tacú le heagraíochtaí ceirde a chuireann traenáil ar scileanna traidisiúnta tógála, tionscnaimh um chaighdeáin, chun cinn

iv Comhordú na hoibre uile-Éireann a bhaineann le Gréasán Mhúrbhailte na hÉireann (GMÉ)

v Modúil oidhreachta a bhunú i gCláracha Forbartha Leanúnacha Proifisiúnta (FLP) in institiúidí proifisiúnta ag áireamh: Institiúid Thírdhreacha na hÉireann, Institiúid Pleanála na hÉireann, Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann, Institiúid Seandálaithe na hÉireann agus Cumann Músaem na hÉireann.

vi Deiseanna traenála agus forbartha proifisiúnta ar ardchaighdeán a choimeád ar fáil d'fhoireann na Comhairle Oidhreachta

5e. Polasaí

Leanúint ag oibriú le comhlachtaí idirnáisiúnta a chuireann chun cinn an cleachtas is fearr agus bainistíocht inbhuanaithe oidhreachta

5e. Gníomhaíochtaí

i Leanúint ag oibriú le: Laethanta Oidhreachta Eorpacha (LOE) IUCN, do Chaomhnú an Dúlra agus na Tréadaíochta, Cumann Glasbhealaí na hEorpa, Gréasán Eorpach na nEagraíochtaí Oidhreachta Náisiúnta (GEEON), Comhairlí Comhairleacha Comhshaoil na hEorpa, agus a thuilleadh nach iad

ii Naisc a fhorbairt agus a dhaingniú le ICOMOS agus EOECNA

SECTION 4

SEACHADADH NA STRAITÉISE 2007-2011

Tá an struchtúr chun an Straitéis a sheachadadh san idirthréimhse 2007-2011 bunaithe ar:

- An Chomhairle
- Coistí na Comhairle
- Foireann na Comhairle
- Ár gComhpháirtithe

An Chomhairle

Comhlacht corparáideach is ea an Chomhairle le Comharbas Suthain (Acht Oidhreachta 1995 5(3)). Is é an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a cheapann a cuid ball. Tá an Chomhairle freagrach as cinneadh a dhéanamh ar gach cúram straitéise agus polasaí. Tá sí freagrach chomh maith as tograí áirithe a sheachadadh.

Coistí na Comhairle

Ceaptar na coistí chun na feidhmeanna a leithdháiltear dóibh a chomhlíonadh de réir na ngníomhaíochtaí atá leagtha amach sa Straitéis. Chun na chun críche seo cheap an Chomhairle na coistí seo a leanas:

i) Ailtireacht	v) Muirí agus Cósta
ii) Seandálaíocht	vi) Músaem agus Cartlanna
iii) Oideachas	vii) Fiadhúlra
iv) Uiscebhealaí Intíre	viii) Airgeadas agus Iniúchadh

SECTION 4

Ag teacht leis na treoirlínte um rialachas corparáide, bhunaigh an Chomhairle Coiste Airgeadais agus Iniúchta chomh maith

Foireann na Comhairle

Fostaíonn an Chomhairle a foireann féin (comhdhéanta d'oifigigh proifisiúnta agus foireann riaracháin). Ag teacht leis an bhfaomhadh a tugadh i Meabhrán chuig an Rialtas i 1995, tá cúig dhuine dhéag fostaithe sa Chomhairle. Tuairiscíonn an fhoireann don bPríomhfheidhmeannach. Tuairiscaíonn an Príomhfheidhmeannach don Chomhairle. Tá baill na foirne freagrach as tionscnamh, pleanáil, feidhmiúchán, monatóireacht agus rialú na dtograí agus na gclár uile a eascrann as an Straitéis.

Feidhmíonn an Príomhfheidhmeannach mar Rúnaí don Chomhairle. Déanann baill na foirne comhordú ar obair na gcoistí éagsúla.

Tá córas feidhmíochta bainistíochta á riar ag an Chomhairle ó 1996 do gach ball foirne ag teacht le moltaí um Rialtas Níos Fearr a Sheachadadh (RNFS), agus tá tiomantas aici soláthar a dhéanamh ar fhorbairt agus ar thraenáil leanúnach proifisiúnta dá foireann.

ÁR GCOMHPHÁIRTITHE

D'eagraíocht le sainchúram casta náisiúnta, tá foireann agus buiséad na Comhairle cuíosach beag. Cuireann cur seo, in éineacht le sainfheidhmeanna na Comhairle faoin Acht Oidhreachta 1995, dualgas trom ar an gComhairle oibriú i bpáirt le daoine eile chun spriocanna an Phlean a bhaint amach. Fáiltíonn siad an Chomhairle roimh an dualgas seo. Tá comhpháirtithe ag an gComhairle ar gach leibhéal ag áireamh:• Áitiúil (ag áireamh údaráis áitiúla, a n-oifigigh oidhreachta, an fóram oidhreachta, grúpaí pobail, agus daoine indibhidiúla)

- Réigiúnach (ag áireamh comhthionóil réigiúnacha agus grúpaí turasóireachta)
- Náisiúnta (ag áireamh ranna Rialtais, gníomhaireachtaí leath-stáit, institiúidí cultúrtha, Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (ENanna), comhlachtaí agus daoine proifisiúnta).
- Idirnáisiúnta (ag áireamh ICCROM, IUCN, EUROPARC, ENNHO agus a thuilleadh nach iad)

Ina theannta sin, tá sraith de chomhpháirtíochtaí bunaithe ag an Chomhairle le:

- An Clár Fionnachtana
- An tIonad Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta
- Iontaobhas Comharthaí Fearann na hÉireann
- Coillearnacha na hÉireann
- Comhairle Sléibhe Chill Mhantáin
- Clár Caighdeán na Músaem

Déanfar seachadadh ar gach gné den straitéis i gcomhar le ceann nó níos mó de na comhpháirtíochtaí thuas-luaite . Ina theannta sin, lorgóidh an Chomhairle, go forghníomhach, comhpháirtíochtaí breise a chabhróidh léi i bhfeidhmiú na straitéise seo.

SECTION 4

4.1 RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Is é polasaí na Comhairle Oidhreachta é na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh, ag teacht leis na polasaithe agus na gcleachtas a nglactar leo go coitianta, a choimeád. Tá tiomantas ag an gComhairle Oidhreachta géilleadh d'fhorálacha ábharthacha an Code of Practice for the Governance of State Bodies, a d'fhoilsigh an Roinn Airgeadais i 2001.

Tá Coiste Airgeadais agus Iniúchta bunaithe ag an gComhairle Oidhreachta, a dhéanann athbhreithniú rialta ar an gcóras um rialú inmheánach agus a fhostaíonn saineolaíocht seachtrach i gcomhlíonadh a dualgais, ag áireamh an fheidhm iniúchta inmheánaigh nuair is cuí. Géilleann an Chomhairle Oidhreachta do Threoirlínte an Rialtais do bhreithmheas agus do bhainistíocht caiteachais chaipitil san earnáil phoiblí, agus le gach gné d'éileamh an Rialtais do cheannach agus do thairiscint iomaíoch, ag cuimsiú treoirlínte an AE. Géilltear chomh maith do pholasaí an Rialtais maidir le táillí agus tuarastal stiúrthóirí. Tá an Chomhairle Oidhreachta go hiomlán cáin-chomhlíontach agus ní chleachtann sí idirbhearta 'ionsaitheacha' seachanta cánach.

Is í seo tríú Straitéis na Comhairle. Bunaithe ar rathúlacht na ndoiciméad Straitéise roimhe seo, agus toisc gur cleachtadh samhail solúbtha agus nuálach gnó, tá méadú sa bhuiséad bainte amach ag an gComhairle ó thart ar €1m (1996) go €17m (2006). Ó chríochnaigh an Chomhairle a céad Phlean 1997-2000 ní raibh a costais riaracháin níos mó ná 17%, ag ceadú níos mó ná 80% den bhuiséad a leithdháileadh do sheachadh seirbhíse agus sainghníomhaíochtaí. Déanfaidh an Chomhairle iarracht i rith tréimhse an Phlean seo na leibhéil d'fhás buiséid a choimeád agus an céatadán leithdháilte do sheachadadh seirbhíse a uasmhéadú.

Géilleann an Chomhairle go hiomlán do na treoirlínte do rialachas corparáideach na gcomhlachtaí stáit agus dá bhrí sin tá sraith de nósanna imeachta agus de dhoiciméid pholasaithe i bhfeidhm agus ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle. Tá siad seo i bhfeidhm do gach eilimint de struchtúr na Comhairle.

AG BAINISTIÚ ÁR nACMHAINNÍ

SECTION 5

SECTION 5

Ag teacht le moltaí Rialtas Níos Fearr a Sheachadadh (RNFS), agus le treoir a d'eisigh an Roinn Airgeadais le déanaí, tá tiomantas ag an gComhairle Oidhreachta an úsáid is éifeachtaí agus is foirfe a bhaint as na hacmhainní atá curtha ar fáil di ag an Rialtas. Tá tiomantas tugtha ag an gComhairle chun Luach maith ar Airgead (LMA) a chinntiú, sainmhínithe mar an leas is fearr a bhaint as an chothromaíocht idir an fheidhmíocht / chaighdeán is fearr seirbhíse agus an costas is ísle.

Bainfidh an Chomhairle an leas is fearr as na hacmhainní atá ann, agus déanfaidh forlíonadh ar an ioncam sin trí:

- Scileanna agus solúbthacht ár bhfoireann a fhorbairt
- Úsáid níos éifeachtaí a bhaint as ár n-acmhainní agus as teicneolaíocht na faisnéise
- Feabhsú ar ghnáthoibriúchán agus ar phróisis agus nósanna imeachta bainistíochta ar gach clár agus togra leis an gComhairle, ag áireamh measúnaithe agus 'ceachtanna foghlamtha'
- Teacht ar fhoinsí nua infheistíochta agus urraíochta os na hearnálacha poiblí agus príobháideacha dár n-oidhreacht náisiúnta ag áireamh forbairt ar chláracha agus ar thograí nua.

5.1 SPRIOCANNA AGUS EOCHAIRTHÁSCAIRÍ FEIDHMIÚCHÁIN

Beidh gach gníomhaíocht a aithnítear sa phlean le forfheidhmiú faoi réir ag clár pleanáilte oibre. Forbróidh oifigigh phroifisiúnta é seo agus comhaontófar leis an bPríomhfheidhmeannach é. Aithneoidh an clár bainistíochta feidhmiúcháin an t-oifigeach proifisiúnta a bheidh freagrach as an bhforfheidhmiúchán, agus léireoidh sé na tosaíochtaí seo a leanas:

- Cuspóirí agus torthaí ionchais gach gnímh
- Spriocanna do gach gníomh, ag áireamh spriocanna airgeadais
- Amlínte áirithe
- Eochairtháscairí feidhmiúcháin (EF) le húsáid le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn (i.e. pleanáilte versus fíor)

5.2 MONATÓIREACHT AGUS MEASÚNÚ

Is aidhm don Chomhairle Oidhreachta a bheith ina 'heagraíocht foghlama' rathúil sa ghearr, meán agus fadtéarma. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go ndéanfaí monatóireacht agus measúnú leanúnach ar an straitéis, atá go h-éifeachtach ina léarscáil bóthair, chun a chinntiú go dtéann an eagraíocht chun cinn sa treo inmhianaithe i rith tréimhse an phlean ó 2007-2011. Buntáiste eile a bhaineann le monatóireacht agus measúnú ná go gcuirfidh sé eolas agus ábhar nua luachmhar ar fáil faoin gComhairle Oidhreachta agus a hoibriúcháin ó lá go chéile.

FREAGRACHTAÍ A BHAINEANN LE MONATÓIREACHT AGUS MEASÚNÚ

Tá Príomhfheidhmeannach na Comhairle Oidhreachta freagrach as forfheidhmiú foriomlán na Stráitéise agus tá na h oifigigh phroifisiúnta freagrach as gach cuspóir, sprioc agus toradh/torthaí a bhaint amach. Tabharfaidh an Príomhfheidhmeannach tuairisc don Chomhairle gach ráithe maidir le stádas an fhorfheidhmithe, ag áireamh an dul chun cinn i ngach téama stráitéiseach ar leith. Ina thuras, soláthrófar tuarascálacha stádais ráithe don bPríomhfheidhmeannach ó oifigigh phroifisiúnta maidir le cuspóirí, spriocanna, agus torthaí atá leagtha síos.

CLÁR MONATÓIREACHTA AGUS MEASÚNAITHE

Beidh an clár monatóireachta agus measúnaithe comhdhéanta de mheascán de thuarascálacha leanúnacha monatóireachta agus measúnaithe stádais (féach thuas), athbhreithniú feidhmiúcháin bliantúil (curtha isteach sa Tuarascáil Bhliantúil), agus athbhreithniú meántéarma i 2009 agus ina dhiaidh sin measúnú ex-post i 2011.

CRITÉIR UM MEASÚNÚ

Is é a bheidh i gceist le monatóireacht agus measúnú leanúnach na straitéise ná measúnú a dhéanamh féachaint ar bhain an plean amach an ní a leagadh síos dó laistigh de na hamlínte luaite, cé chomh maith is a rinne an plean i gcomparáid leis na spriocanna a leagadh síos, agus féachaint an bhféadfaí nó nach bhféadfaí na cuspóirí céanna a bhaint amach níos éifeachtaí agus níos foirfe trí bheartais dhifriúla.

SECTION 5

Aithneoidh an measúnú chomh maith an bhfuil leoracmhainní ag pearsanra na Comhairle – i dtéamaí cistíochta, trealaimh, áiseanna, traenála, etc. – chun gníomhaíochtaí an phlean a bhaint amach.

Ba cheart don measúnú díriú ar fhorfheidhmiú na ngníomhaíochtaí agus a gcuidiú le cuspóirí straitéiseacha an phlean a bhaint amach.

D'fhonn tabhairt faoi i gceart, bunófar an measúnú ar na heochairtháscairí feidhmiúcháin léirmhínithe (ETF) a phléitear in Alt.6.1.

Bunófar na critéir um measúnú ar:

Ionracas/Iomláine

Ar caithfeadh na hacmhainní a leithdháileadh do na gníomhaíochtaí a bhí ceaptha dóibh, nó ar caitheadh ar rud éigin eile iad?

Éifeachtúlacht

Ar luach na n-acmhainní a infheistíodh sa ghníomhaíocht, an bhfuarthas na torthaí ab fhearr ab fhéidir laistigh de na hamlínte a rianaíodh? An féidir an cuspóir a bhaint amach níos fearr trí athdháileadh a dhéanamh ar na hacmhainní ar shlí eile? Ar cheart na spriocdhátaí a athrú?

Éifeachtacht

Ar na torthaí a baineadh amach, an féidir cuid de na hacmhainní a caitheadh ar na gníomhaíochtaí a laghdú leis an leibhéal céanna caighdeáin a bhaint amach? An féidir iad a athdháileadh ar shlí eile d'fhonn torthaí níos fearr a bhaint amach

Oiriúnacht

I bhfianaise na dtorthaí a baineadh amach, an iad seo na torthaí atá ón gComhairle, nó an bhfuil toradh ar an bplean nach bhfuil chomh hinmhianaithe leis an toradh a bhí i gceist sa chéad áit?

PLEAN AIRGEADAIS 2007-2011

SECTION 6

SECTION 6

Taispeánann an tábla seo a leanas buiséad inmhianaithe na Comhairle Oidhreachta do thréimhse an phlean

Téama/Ceantar	2007 €000	2008 €000	2009 €000	2010 €000	2011 €000
1. Feasacht agus Tuiscint a mhéadú	1,358	1,626	1,671	1,591	1,636
2. Taighde/Suirbhéanna, Anailís agus Measúnú Oidhreachta	627	947	1,017	827	897
3. Comhairle Fianaisebhunaithe Polasaí	1,465	1,970	1,945	1893	2,062
4. Forbairt ar infreastruchtúr oidhreachta ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach, contae agus áitiúil a spreagadh	7,762	8,297	8,980	9,567	10,383
5. An cleachtas is fearr i mBainistíocht Chaomhnaithe agus Inbhuanaithe Oidhreachta					
Riarachán & Foireann	1,873	1,948	2,025	2106	2,191
Clár Fionnachtain	1,431	1,488	1,547	1609	1,674
Iontaobhas Críochchomharthaí na hÉireann	317	329	343	356	371
Ceanncheathrú Nua	5,600	300	0	0	0
Iomlán	**23,444**	**19,640**	**20,566**	**21,159**	**22,623**

AGUISÍN A:

Liosta d'iarratais scríofa faighte laistigh den tréimhse chomhairleoireachta leagtha síos (18ú Lúnasa go dtí an 29ú Meán Fómhair 2006).

Ranna Rialtais
Na Coimisinéirí Ioncaim
An Roinn Ealaíne, Spóirt agus Turasóireachta
Oifig an Ard-Rúnaí
Roinn Iompair – Stiúrthóireacht Sábháilteachta Mhuirí
An Roinn Dlí agus Cirt
An Roinn Cosanta – an rannán maoine
An Roinn Gnóthaí Eachtracha
An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (maoirseoir caomhnaithe)
Oifig an Taoisigh
An Roinn Fiontair Trádála agus Fostaíochta

Gníomhaireachtaí Stáit
Fáilte Ireland
Údarás na Gaeltachta
An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (Cill Dara)
An Bord Iascaigh Réigiúnach Thoir
Teagasc
An Ghníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta

Údaráis Áitiúla
Comhairle Contae Dhún na nGall
Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Comhairle Contae Uíbh Fhailí
Músaem Chontae an Chabháin
Músaem Contae Cheatharlach
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Comhairle Contae Fine Gall
Comhairle Contae Chorcaí
Comhairle Contae Chiarraí
Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas
Comhairle Contae Chill Chainnigh

Údaráis Áitiúla
EHS – oidhreacht thógtha

Comhlachtaí Trasteorann
Turasóireacht Éireann
An Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas

Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (EN) Oidhreachta
Cumann Staire Seandálaíochta an Mhuileann gCearr
Fóram Sléibhe na hÉireann
Cumann Staire Mhullach Íde
Togra Seandálaíochta Chill Phádraig
Oidhreacht Lusca
Cumann Oidhreachta Bhaile Liam
Cumann Uiscebhealaí Intíre na hÉireann
Comhairle Sléibhe Chill Mhantáin
Cumann Sábhálaithe Síolta na hÉireann
Taighde Pharóiste Chill Taobháin
Cairde Éanlaith Éireann
Cumann Éin Ghoir Tearca na hÉireann

Cumann Staire Bhiorra
Iontaobhas Oidhreachta
Chairlinne
Cairde Foraoise Éireann
Comhairle Oidhreachta Mhainistir Laoise
Coiste Oidhreachta Bhaile Uí Mhurúin
Gníomhaiocht Phobail Ráth Bhoth (Togra Beltany)
Iontaobhas Cathartha Chorcaí
Scoil Allamuigh Seandálaíochta Acaill
Togra Comhshaoil Thránna
Chloch na Rón
Logaimneacha Chorcha
Cumann Oidhreachta Mhuinchille
Cairde Éanlaith Éireann Chiarraí
Músaem Chorca Dhuibhne

Grúpaí Pobail
Cumann Chónaitheoirí Dhumhach Thrá agus Mhuirfean
Comhar Chumann Chléire Teo
Comhairle Pharóiste Thulach
Coiste Forbartha Angaire
Fáilte Lios Dúin Bhearna

Daoine
Helen Geletlie
Chris Huxley
Gordon D'Arcy
Joss Lynam
John Lavery
Rose Cremin

Comhairleoirí
Liz O Brien
Dominique Rodgers
Mary Tubridy
Jason Bolton
Maurice Gunning

Áineas agus Spóirt
Comhairle Sléibhteoireachta na hÉireann
Siúlóidí Chairlinne
An Mhórchonair Theas

Eagraíochtaí Feirmeoireachta
ICSA –Forbairt Tuaithe
ICSA – Béal na mBuillí

Oideachas
Coláiste na Tríonóide (An Roinn Zó-eolaíochta)
IT Shligigh
Ollscoil Uladh – Acadamh d'Oidhreacht Chultúrtha na hÉireann
An Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath
ITGME Chaisleán an Bharraigh
Scoil Náisiúnta Stonepark

Comhlachtaí Proifisiúnta
COCA (Cumann na nOifigeach Caomhnaithe Ailtireachta)
Grúpa Ginealais agus Staidéir
Áitiúla Chumann Leabharlainne na hÉireann
ICOSEÉ - Institiúid um Chaomhnú Saothair Stairiúla agus Ealaíne in Éirinn
CÉCAP – Cumann Éireannach um Chaomhnóirí agus Athchóiritheoirí Proifisiúnta

AGUISÍN B:

Liosta Giorrúchán

ACAs	Architectural Conservation Areas
ENNHO	European Network of National Heritage Organisations
EHD	European Heritage Days
EHS	Environment and Heritage Service
EIA	Environmental Impact Assessment (the process)
EIS	Environmental Impact Statement (the output)
ELC	European Landscape Convention
EU	European Union
EUPOPARC	Federation of National and Nature Parks
HLC	Historic Landscape Characterisation
ICOMOS	International Council on Monuments and Sites
ICSA	Irish Cattle and Sheep Farmer's Association
ICT	Information and Communications Technology
ICZM	Integrated Coastal Zone Management
ICCROM	International Centre for Conservation in Rome
IMA	Irish Museums Association
IUCN	International Union for Conservation of Nature and Natural Resources, (The World Conservation Union)
IWTN	Irish Walled Towns Network
LCA (i)	Landscape Character Assessment
NRA	National Roads Authority
NGOs	Non-governmental organisations
NIAH	National Inventory of Architectural Heritage
SEA	Strategic Environmental Assessment
UNESCO	United Nations Educational, Scientific and Cultural Organisation

NÓTAÍ

NÓTAÍ